

MAITH IN AGHAIDH AN UILC

Bhí dhá dhuine uasal thíos i gCondae na Midhe. Bhí dhá dhútha aca tórainn ar thórainn. An lá a n-eireochadh leis an mbeirt a bheith ag baile, dá mbeadh an lá go breagh shiubhlaidís amach in éindigh. Bhí feilméara ina chomhnaidhe ar dhútha an fhir seo agus bhí mac is fiche aige. Bhí an dá dhuine uasal seo a' siubhal an bhóthair agus d'eirigh leis an mac is fich' bheith i bpáirc a' spealadóireacht.

"Bhfeiceann tú anois" adeir an duine uasal seo a raibh siad ar a dhútha, "bhfuil iongantas ar bith" adeir sé, "le feiceál ar an talamh ná an sgata daoine sin, mac agus fich le aon athair agus aon mháthair amháin?"

"Gan bréig" adeir sé, "is deas a' fortún iad, ach gheobhfainn fear agus fiche ar mo dhútha féin ina bhfir chomh maith leothab."

"Dá bhfáiteá" adeir sé, "ní clann aon athar agus aon mháthar amháin iad."

"Admhuighim sin" adeir sé, "ach fágfamuid thart e sin anois, agus do dhubhshlán fear agus fich a fhághail ina bhfir chomh maith leothab."

"Cén geall a chuirfeas tú go ngeobhfadh?"

"Cuirfidh mé mo dhútha in aghaidh do dhútha."

"Bíodh sé ina mhargadh" adeir sé, "ach caithfidh fiadhnaise a bheith air."

Shiubhladar isteach ins a' bpáirc, ins an áit a raibh na fir ag obair. D'innis an duine uasal an sgéal dóibh. Thosúigheadar a' gáirí agus ag breathnú ar a chéile. Bhí comhaire ar an mac is sine agus ag an mac is óige ar na naoi nduine dhéag eile, agus sé an t-ainm a bhí orthab Tadhg agus Domhnall

"Céard a dhéanfas muid?" adeir Tadhg le Domhnall.

"Céard atá sibh a dhul a dhéanamh?" adeir Domhnall. "An a'caitheamh cloch neart é, nó a' spairnéalt cnámh nó a' bualadh báire?"

"Cuirfimid a' bualadh báire sibh" adeir an tighearna.

"Caithfimid ar n'athair a cheadú" adeir Domhnall.

"Bídhidh annseo amárach" adeir Tadhg, "ag a dódheag a chlog, agus imreochamuid daoibh má tá an t-athair sásta."

Nuair a chuarad abhaile trathnóna agus d'itheadar a roisín, d'innis siad an sgéal don athair.

"Sin áit nach ngabhfaidh sibh" adeir sé. "Nach aige a bhí na t-éadan" adeir sé, "a thigheacht cho fada libh. Nuair a bhí sibh-se lag, lúbach shíl sé mo chuid talmhana a bhaint díom-sa."

Nuair a chuarad ag obair ar maidin lá ar n-a mhárach shuidheadar síos agus chuireadar a gcomhairle i dteannta a chéile.

"Is mór an nídh" adeir Tadhg, "an tighearna a eiteach.

Is gearr go dtáinig an dá dhuine uasal.

"Well cén sgéal a'd" adeir an tighearna.

"Síos ná thuas" adeir Domhnall, "go ngabhfaidh muid in éindigh leat."

"Cén lá a bhéas an báire seo ar bun?" adeir sé.

"Sé lá ó indiu" adeir an dá dhuine uasal.

D'imthigh an dá dhuine uasal ina mbealach féin agus shuidh siad-san (an mac is fich) síos aríst.

"Anois" adeir Tadhg, "Cén chaoi a n-imtheochaidh muid i ngan fhios don athair.

"Cuirfimid amach a gcuid bróga agus a gcuid camán ins an oidhche roimhe. Gabhfaimid dhá uair ar maidin ag obair níos túisge ná theidheadh muid roimhe agus beidh an obair dhínn a'inn."

B'fhíor dhó. Bhí an féar bainte aca an oidhche roimhe. Leagadar amach a gcuid bróga agus a gcuid camán. Ag a dó dhéag a bhí an báire le tosaigh. Deich nóiméad roimh an dó dhéag seadh shiubhail an mac is fich isteach geata na páirce. Dhá bhulle a bhí le bheith ar an liathróid ag gach aon chomlán(sgata fear).

Bhí sé ráidhte go raibh trí mhíle duine a' breathnú orthab.

Nuair a caitheadh suas an liathróid chuir Tadhg amach í. D'athruigh an dá chomlán annsin le chéile. Nuair a caitheadh suas aríst í chuir Domhnall amach í. Ní raibh níos mó ina thimcheall. Shiubhail an duine anonn treasna na páirce. Phóg sé lámh gach aon duine den duine is fich. Bhreathnuigh sé anonn ar an duine uasal eile.

"Ní raibh an méad sin i bhfad dá dhéanamh" adeir sé, "go maire tú t'fhiacha."

Shiubhladar amach geata na páirce, an dreatháir is fiche. Lean an duine uasal iad.

"Ó" adeir sé, "níl sibh ag imtheacht mar sin uaim-se." Thug sé leis ag an teach mór iad nó go bhfuadar dinnéar agus braon le n-ól. Thug sé fiche giní do gach aon fhear acab.

"Anois" adeir sé, "ná hólaidh aon deor go dtéidhe sibh abhaile. Bhí teach leanna rompa ar an mbealach. Chuadar isteach ann agus d'óladar tuille. Bhí sé ina oidhche nuair a bhí siad in aice an bhaile.

"Tá fhios aige go rí-mhaith anois" adeir Tadhg, "go bhfuilimid imighthe."

"Gabhfamuid isteach sa sgioból" adeir Domhnall, "san áit a bhfuil an tuidhe agus codlochamuid go maidin innti."

"Bainfidh mise dhíom mo bhróga anois" adeir Tadhg, "agus gabhfa mé ag éisteacht ins an dorus iadhta go bhfeice mé céard tá ar bun aige."

Séard a bhí sé a rádh leis an tseanbhean, "sé an áit a raibh a ngabhfaidh siad seo anocht a chodladh ins an sgioból. Nuair a gheobhfas mise ina gcodladh iad" adeir sé, "tiubhraidh mé teine don sgioból."

"Cuimnigh ar Dhia agus ar do leas" adeir a máthair.

"Teirigh tusa a chodladh anois" adeir sé, "go beo tapaidh."

D'imthigh le Tadhg agus d'innis sé do na dreatháracha é. Bhí sgioból ag comharsa leothab sgathamh uathab. Chuadar a chodladh ins an sgioból go maidin, agus nuair a d'éirigheadar ar maidin bhí sgioból a n-athar trí lasadh.

"Fear dá fhocal é" adeir Tadhg. "Rinne sé maith dá ghealladh."

"Céard a dhéanfas muid anois?" adeir Domhnall.

"Cuirfimid ár sróin romhainn. Déanfaidh sí eolus dúinn."

D'imthigh leothab go ndeachadar i gcomhangar na gceithre bóithre. Rinneadar iad féin, chraitheadar láimh le chéile. Bhaineadar gealladh dá chéile an té a bheadh beo i gceann lá agus bliadhain a bheith ag a dó dhéag a chlog ins an spota seo ar sgaradar le chéile. Ní mórán achair a bhí siubhalta ag Domhnall nuair a tháinig sé san áit a raibh cúirt dá déanamh. D'iarr sé obair ar an gcomhairleach.

"Tá mo dhóthain daoine cheana agam."

"Dá ndéanainn obair beirte" adeir Domhnall, "a' gcoinneochá mé?"

"Choinneochainn" adeir sé.

"Cén chiall duit a bheith a rádh mar sin" adeir Domhnall, "go bhfuil do dhóthain daoine a'd?"

"Well, mar sin féin" adeir sé, "coinneochaidh mé thú."

D'imthigh na fir i gceann a ndinnéir agus shuidh Domhnall síos ar chloch.

"Céard tá tusa a dhéanamh annseo?" adeir an duine uasal a bhí a' déanamh na cúirte.

"Níl mé ach uair" adeir sé, "ar an saothar agus níl aon áit lóisdín tóga fós a'm le go ngeobhfainn mo dhinnéar."

"Siubhail leat in éindigh liom-sa" adeir an duine uasal.

Thug sé leis ag an gcúirt é agus d'orduigh sé a dhinnéar a fháil réidhte dhó. Nuair a bhí an dinnéar caithte aige shiubhail sé amach agus shiubhail an duine uasal amach ina dhiaidh. Thosúigheadar a' cainnt.

"Muisé" adeir Domhnall, "aan tusa atá a' déanamh na cúirte seo."

"Is mé" adeir sé.

"Shílfeá" adeir Domhnall, "gurbh shin cúirt bhreagh a bhfuil tú innte."

"Níor chodail mise ná mo bhean ná m'inghean ná mo chuid cailíní" adeir sé, "aon néal ins an gcúirt sin le trí bliana."

"Shílfeá gur aisteach an rud é sin" adeir Domhnall.

"Well níor chodail" adeir sé, "le rud atá dhá aireachtáil innte. Sé áit a dteidheann muid isteach don bhaile mór chuile oidhche a chodladh. Chuir mise fear is fiche á faire sin ó

dhuine go duine. Thug mé fiche punt do chuile fhear aca, agus nuair a theagainn ar maidin bhíodh an fear sin básuighthe ar maidin agus na fiche punt leagtha ar an mbord le n-a ais."

"A' dtiubhrthá fiche punt dom-sa anois anocht" adeir Domhnall, agus gabhfaidh mé féin dá faire."

"Maise ní beag a bhfuil caillte agus gan tuille a chailleadh."

"Tiubhraidh mise m'fhocal duit" adeir Domhnall, "nach gcaillfear mise. A' dtiubharfa tú neart soluis agus cupla leabhar le bheith dá léigheamh."

"Tiubhrad" adeir an duine uasal, "agus an rud a bhí mé a' thabhairt do chuile dhuine eile aca, buidéal fuisge atá chúig bhliana déag déanta."

"Níl mise a' bacadh le fuisge" adeir Domhnall.

"Well go dtuga Dia oidhche mhaith dhuit" adeir an duine uasal nuair a bhí sé a dhul ag imtheacht.

Tháinig an cailín amach, coinnte aice, leabhra agus buidéal fuisge, agus bhí teine mhór déanta roimhe sin aice. Shuidh sé cois na teineadh annsin agus thosuigh sé a léigheamh ceann de na leabhra. Ag a dó a chlog san oidhche chraith an chúirt ó bhun go barr. "Ní cosamhlacht mhaith í sin" adeir Domhnall.

Buaileadh iarraidh ar an doras. "Bhfuil fhios agat céard a dhéanfas tú" adeir Domhnall. "Má tá teine a'teastáil uait, tá sí annseo agat. Má tá do dhóthain fuisge ag teastáil uait, tá sí agat. Má tá achrann a'teastáil uait tá sé annseo le t'agha."

Sin é an uair a shiubhail sé isteach aige, sheanfhear breagh gabhtha gléasta.

"Is tú an fear is fearr a chonaic mé le trí bliana. Fuair fiche fear bás sa gcúirt seo gan aon tsiocair ach mar fuair tusa."

"Céard tá ag cur trioblóid ort" adeir Domhnall, "nó bhfuil tú imthighthe den tsaoghal seo?" "Táim" adeir sé.

"Céard a chas annseo thú?" adeir Domhnall.

"Bhain me talamh de bhaintreacha go mí-dhlistineach. Bhain mé cíosanna de thionónta go mí-dhlistionadh."

"Siubhail leat i néindigh liom anois" adeir sé le Domhnall, "go spáinfidh mé dhuit ins an áit a bhfuil mo chuid óir i dtaisge, mara bhfuil faitchíos ort a dhul in éindigh liom."

"Ní bheadh faitchíos ar aon duine a dhul ag breathnú ar ór."

"A' bhfeiceann tú an coirnéal sin anois" adeir fear na cúirte, "tá soitheach óir annsin" adeir sé. "Tiubhraidh tú an liosta seo do mo mhac agus déarfa tú leis an mhuintir a chur mé as a gcuid talmhan a leigean isteach arís, na cíosanna a bhain mé amach go mí-dhlistiannach é a thabhairt dóibh ar ais arís. Tá soitheach eile óir ins an gcoirnéal seo agus bíodh sé sin agat féin."

Nuair a fuair an mac an lá geal tháinig sé ag a' gcúirt go bhfeicfeadh sé a raibh Domhnall beo. Sheas sé ag ceann na staidhre.

"Bhfuil tú beo a dhuine chroidhe?" adeir sé.

"M'anam go bhfuil" adeir Domhnall.

Bhuail sé suas go dtí é.

"Ar airigh tú nó a' bhfaca tú tada aréir?"

"D'airigheas agus chonaiceas" adeir Domhnall.

"Céard a bhí ann?" adeir sé.

"T'athair" adeir sé.

"Céard a rinne sé as bealach" adeir sé, "le go dtáinig sé ar ais?"

"Léigh an liosta seo" adeir Domhnall, "agus beidh fhios agat é."

"Is beag an gábhadh a bhí dhó é sin a dhéanamh" adeir an mac. "Bhí neart óir aige ach níl fhios agam cár chuir sé é."

"Tá fhios agam-sa céir chuir sé é" adeir Domhnall.

D'imthigh leis agus spáin sé don mhac an áit a raibh an dá shoithidheach óir.

"D'fhága sé ceann acab le hagma na gcíosanna íoc ar ais, a bhain sé amach go héagórach, agus d'fhága sé an ceann eile a'm-sa" adeir Domhnall.

"Féadfa mé eirghe as an gcúirt seo anois agus í a stopadh."

"Féadfair" adeir Domhnall.

Thógadar na cláir as an urlár. Thóigeadar aníos an dá shoithidheach óir.

"Is ait an fear thú" adeir an duine uasal. "A' bpósfá m'inghin?"

"Tá me ro-bhocht" adeir Domhnall.

"Is mó an t-airgead anois tú ná mé féin."

Phós sé féin agus an inghean. Bhí sé féin agus í féin lá breagh amuich sa ngáirdín. Thosuigh sé ag innseacht di go cén chaoi a chuir an t-athair ar seachrán é féin agus a dhreatháir. Ní raibh sí sásta a cheisdiúint go raibh fiche dreatháir aige. B'fhada léithe ná a saoghal go mbeadh an lá agus bliain thuas. Nuair a bhí an lá agus bliain thuas fuair sí cóiste agus péire capall faoi réir. D'imthigh sí féin agus Domhnall agus a hathair go ndeachadar i gcomhangar na cheithre bóithre. Nuair a bhí andó dhéag thuas bhíodar a' tigheacht ó dhuine go duine salach stroighthe.

"Támuid i dtoll a chéile anois" adeir Tadhg, "ach sé is dóigh liom go bhfuil mo dhreatháir Domhnall básuighthe."

"M'anam nach bhfuilim" adeir Domhnall, "go bhfuil mé annseo."

Craitheann an t-athair agus an inghean láimh leothab.

"Anois" adeir an t-athair, "féadfaidh mé fiche gabhaltas talmhan a thabhairt díbh, teach beithidhigh, caiple agus caoraigh.

D'imthigh leothab in éindigh leis. Bhí Domhnall Domhnach breagh agus é tar éis a dhinnéir, é féin agus a mháighistreás. Chonaic sé fear bocht a' tigheacht ag an doras ag iarraidh a chodach. Tháinig an cailín aníos agus d'innis sí do Dhomhnall go raibh duine bocht ag an doras ag iarraidh déirce.

"Tabhair déirce dó" adeir sé. Nuair a d'ionntuigh sé amach an doras sin é an uair a d'aithnigh Domhnall gurbh é a n-athair a bhí ann.

"Glaoigh air sin" adeir Domhnall leis an gcailín.

"Shílfeá nach lá ar bith a bheith ag imtheacht Dia Domhnaigh ag iarraidh déirce, nó a bhfuil aon mhuirghin ort?"

"Níl faraoir" adeir sé. "Ach bhíodar sgathamh orm. Bhí mac is fiche agam."

"Cá bhfuil siad anois?" adeir Domhnall.

"Bhruith mé agus dhóigh mé iad" adeir sé.

"Cá bhfuil do bhean?" adeir sé

"Fuair sí bás le briseadh croidhe" adeir sé.

"Ar mhaith leat iad a fheiceál anois?" adeir Domhnall.

"Níl siad le feiceál a'm ná ag aon duine eile."

"Tuige nach n-athnuigheann tú mise do mhac is sine. Nach bhfeiceann tú an ball dóráin atá faoi bhun mo chluaise" adeir sé.

"Is fíor sin" adeir sé.

"Siubhail uait anois" adeir Domhnall, "agus spáinfidh mise an fiche duine eile dhuit."

Chuadar ag na tighthe a rabhadar ann nó go bhfaca sé iad ó dhuine go duine.

"Cuir an píce tríd" adeir an t-ochtmadh mac le duine eile de na dreatháracha.

"Ní chuirfead" adeir sé, "maith in aghaidh an oilc."

Choinnigheadar é.

Peadar Mac Tuathaláin

22/7/1929

lothlainn shailigh Sally garden

"Is girride an téad a mbainfear de" ar an t-iasgaire

Ní Muimhneach mé agus ní Laighneach mé

Ach abhaltach as Condae an Chláir

Abhaltaigh – daoine a mbíodh easarlaidheacht agus draoidheadóireacht aca

Abhaltaigh – Ultaigh a tháinig as an taobh ó thuaidh aimsir a ruaigidh.

Bean Pheaitsín Sheáin Larry

Tobar caocháin in Inis Thiar

Leaba Caocháin – an turas a thug Peadar air.